M. 72T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

---

# INNEALTÓIREACHT - ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT
(Gnáthleibhéal - 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

---

Freagair **Ceist 1, Ranna A agus B**, agus **trí** cheist ar bith eile.



**THALL** ⟶

**1.** **(65 marc)**

**<u>Roinn A - 30 marc</u>**


Freagair go hachomair **<u>sé cinn ar bith</u>** díobh seo a leanas:

**(a)** Ainmnigh plaisteach atá oiriúnach d’insliú balla.

**(b)** Maidir le foinse cumhachta leictrí, mínigh na giorrúcháin Bhéarla A.C agus D.C.

**(c)** Ainmnigh dhá mhiotal neamhfheiriúla.

**(d)** Ainmnigh an dá scriúshnáithe a thaispeántar.





**(e)** Ainmnigh dhá réamhchúram sábhailteachta is gá a ghlacadh agus stuatháthaire leictreach á úsáid.

**(f)** Cad é haemaitít?

**(g)** Ainmnigh na mianta as a ndéantar copar agus alúmanam a tháirgeadh.

**(h)** Sainaithin an dá chineál fórsa a thaispeántar.




**<u>Roinn B - 35 marc</u>**

Freagair **<u>trí cinn ar bith</u>** díobh seo a leanas:


**(i)** Maidir le **<u>ceann ar bith</u>** díobh seo a leanas, déan cur síos ar a fheidhmiú agus ar a oibriú:
Dineamó Rothair; Iarann sádrála leictreach; Breacaire.

**(j)** Mínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na téarmaí ríomhaireachta seo:
beart; íoschóipeáil; deilbhín; feiste ionchuir.

**(k)** Sainmhínigh leaisteachas chomh fada is a bhaineann le hairíonna miotal.

**(l)** Mínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na téarmaí seo:
Polaiméir; Inslitheoir; Rialú Uimhriúil Ríomhaireachta (CNC i mBéarla).

**(m)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar agus mínigh an cineál gluaisne a chruthaíonn sí.



**2.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma "saotharchruachan". Cén chóireáil atá ann don aicíd seo?

**(b)** Mínigh cén fáth ar féidir cruach ísealcharbóin a cháschruachan in ionad í a chruachan.

**(c)** Cad is brí le normalú?

**(d)** Déan comparáid idir teorolladh agus fuar-rolladh a dhéanamh ar mhiotail, agus luaigh na buntástí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo faoi seach.

**3.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **<u>trí</u>** mhodh nua-aimseartha chun cruach a tháirgeadh, agus déan cur síos ar mhodh amháin díobh agus leas á bhaint agat as léaráid le lipéid.

**(b)** Cad is cóimhiotal ann?

**(c)** Maidir le déantús na n-earraí seo a leanas, ainmnigh na hábhair ar baineadh úsáid astu, agus na fáthanna ar roghnaíodh na hábhair sin:

(i) Leaba Dheile; (ii) Lárphritil; (iii) Gaothscáth Gluaisrothair.

**(d)** Ainmnigh na mianta as a ndéantar stán agus luaidhe.

**4.** **(45 marc)**

**(a)** Cén dá ghás is coitianta a mheasctar chun lasair sách te a chruthú don táthú?

**(b)** Mínigh na difríochtaí idir flosc gníomhach agus flosc neamhghníomhach sa phróiseas táthúcháin?


**(c)** Mínigh na bundifríochtaí atá idir gástáthú agus stuatháthú láimhe.

**(d)** Mínigh an fheidhm atá ag leictreoidí floscbhrataithe sa stuatháthú láimhe.


**<u>NÓ</u>**

**(d)** Ainmnigh an dá pháirt leictreacha a thaispeántar.

(i)



(ii)






THALL →

**5.** **(45 marc)**


**(a)** Cad iad na príomhdhifríochtaí idir plaistigh theirmeaplaisteacha agus plaistigh theirmithéachtacha.

**(b)** Déan cur síos ar phróiseas **amháin** díobh seo a mbaintear feidhm as chun plaistigh a fhoirmiú:
(i) Folúsfhoirmiú; (ii) Séidmhúnláil; (iii) Múnláil chomhbhrú.


**(c)** Ainmnigh **trí** réamhchúram sábhailteachta is gá a ghlacadh, agus Umar Tumbhrataithe Plaisteach á úsáid.

**(d)** Ainmnigh an plaisteach a mbaintear úsáid as i ndéantús an dá pháirt a thaispeántar.

Spéaclaí cosanta




Píobán draenála



**6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh na feidhmiúcháin deile a thaispeántar.




**(b)** Déan cur síos ar na modhanna obairchoinneála **amháin** díobh seo a leanas a úsáidtear sa mheaisíniú agus luaigh an cineál oibre a meaisíníodh.
(i) Idir na láir; (ii) Mandrail; (iii) Crágán saorghiall.

**(c)** Tarraing sceitse d'úirlis ghearrtha deile, agus taispeáin na gnéithe seo a leanas air:
(i) Barrsciotadh; (ii) Scóip thosaigh; (iii) Taobhscóip.

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **trí** bhuntáiste atá ag baint le deil CNC seachas mar atá ag deil thraidisiúnta.

**7.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh (i) Bacoiriúint; (ii) Glanoiriúint agus (iii) Leathoiriúint.

**(b)** Tá seafta le déanamh de réir na dtoisí 80 ± 0.05. Oibrigh amach:

(i) Trastomhas uasta an tseafta;

(ii) Trastomhas íosta an tseafta;

(iii) An lamháltas ar an seafta.

**(c)** Mínigh le cabhair sceitsí na téarmaí snáithe seo a leanas: (i) Céim; (ii) Cíor; (iii) Fréamh.

**<u>NÓ</u>**

**(c)** Mínigh go soiléir cad chuige **<u>trí cinn ar bith</u>** díobh seo a leanas:
(i) Dé-óid; (ii) Grianchill; (iii) Réamaire; (iv) Druilire Láir.

*LEATHANACH BÁN*